Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10584 – LUFTHANSA / VW / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 134/11)

1. An 15 Márta 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Lufthansa Industry Solutions AS GmbH ("LHIND", an Ghearmáin), faoi rialú Deutsche Lufthansa AG ("Lufthansa", an Ghearmáin),

— A4nXT GmbH ("A4nXT", an Ghearmáin), faoi rialú Volkswagen Aktiengesellschaft ("Volkswagen", an Ghearmáin),

— Cuideachta Chomhfhiontair ("JV", an Ghearmáin).

Gheobhaidh A4nXT agus LHIND rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

— I gcás LHIND: fochuideachta den ghrúpa eitlíochta Gearmánach Lufthansa Group, atá gníomhach i soláthar seirbhísí comhairliúcháin TF,

— I gcás A4nXT: cuideachta sealbhaíochta agus fochuideachta den chuibhreannas gluaisteán Gearmánach Volkswagen Group, a dhíríonn ar sholáthar seirbhísí do mhonarú agus do sheirbhísí digitithe,

— I gcás an JV: eintiteas nuachruthaithe a sholáthróidh seirbhísí comhairliúcháin TF agus seirbhísí coimhdeacha TF do Volkswagen agus do thríú páirtithe i dtionscal na ngluaisteán agus i dtionscail eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10584 – LUFTHANSA / VW / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË